

**Bileog 11.1**

Breac síos liosta de na baill ar fad den chorp atá ar eolas agat. Nuair atá sé sin déanta cuir do liosta i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.




---



---



---



---



---



An bhfuil aon tionchar ag baill den chorp ar logainmneacha i do theanga dhúchais féin?

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís agus féachaigí ar na logainmneacha thíos. Tá baill den chorp luaite iontu – an féidir libh a rá cad iad? Roghnaigí an leagan ceart Béarla ón cholún ar dheis le ceangal leis na logainmneacha Gaeilge ar chlé.

Tóin le Gaoith  
Ceann Sléibhe  
Droimín  
Béal na mBláth  
Lios na Súil mBuí  
Ucht a' Mháma  
Cnocán na nGlún  
Coill na Gualainne

**Lisnasoolmoy**  
**Kilnagoolny**  
**Béal na Bláth**  
**Tonlegee**  
**Knockaunagloon**  
**Drimeen**  
**Slea Head**  
**Oughtmame Burn**

Féach ar an véarsa seo as dán le Cathal Ó Searcaigh. Tá baill coirp luaite sa dán – an dtuigeann tú iad?

**Cor Úr**

*Cathal Ó Searcaigh*

“...ó Log Dhroim na Gréine go hAlt na hUillinne,  
ón Mhalaidh Rua go Mín na hUchta,  
thíos agus thuas, a chorp na háilleachta  
gach cuar agus cuas, gach ball gréine,  
gach ball seirce a bhí imithe i ndíchuimhne.”

*“from Log Dhroim na Gréine to Alt na hUillinne,  
from Malaidh Rua to Mín na hUchta,  
below and above, body most beautiful,  
every hollow and curve, every sunspot,  
every love-spot I'd forgotten”*

1. Cén bhrí atá leis na logainmneacha sa dán seo?
2. An bhfuil aon logainmneacha eile ar eolas agat a bhfuil ball de chorp mar chuid díobh?
3. Cén fáth a n-úsáidtear na logainmneacha seo sa dán, dar leat?
4. Cén t-eolas atá agat faoi fhilíocht Chathail Uí Shearcaigh?

**Bileog 11.2**

Tá a lán bealaí ann le cur síos a dhéanamh ar conas a bhraitheann duine. Féach ar na ceisteanna seo agus cuid de na freagraí is féidir a thabhairt orthu. An féidir leat féin agus an duine in aice leat cur leis na freagraí?

Conas a bhraitheann tú? Cad é mar a mhothaíonn tú?


Tá mé ag mothú i gceart arís!

---

---

---

---



Níl mé rómhaith!

---

---

---

---

Ceangail na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis!

<ol style="list-style-type: none"> <li>1. taom croí</li> <li>2. ailse</li> <li>3. plúchadh</li> <li>4. airtríteas</li> <li>5. stróc</li> <li>6. obráid</li> <li>7. oideas dochtúra</li> <li>8. cógais leighis</li> <li>9. galar dubhach</li> </ol>	<ol style="list-style-type: none"> <li>a. stroke</li> <li>b. medicine</li> <li>c. heart attack</li> <li>d. prescription</li> <li>e. depression</li> <li>f. arthritis</li> <li>g. cancer</li> <li>h. operation</li> <li>i. pneumonia</li> </ol>	<table border="1" style="width: 100%; border-collapse: collapse; text-align: center;"> <tr> <td style="width: 50%;">1</td> <td style="width: 50%;">c</td> </tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> </table>	1	c																		
1	c																					

Éist le Siobhán ar an téip ag déanamh cur síos ar a tuismitheoirí agus freagair na ceisteanna. Ansin cuir na freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.


1. Cad atá cearr lena máthair? 2. Cad a deir sí faoina hathair?



Bain úsáid as na hainmfhocail ‘máthair’ agus ‘athair’ leis an aidiacht shealbhach a léiriú i ngach pearsa. Sampla: *mo mháthair, m’athair...*

**Bileog 11.3**

Féach ar na pictiúir thíos leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht briathar éigin a cheangal le gach ceann. Sampla: an chéad phictiúir – *bris*.



Déan cur síos don duine in aice leat ar thimpiste a tharla duit nó ar thinneas a bhí ort uair éigin. Bain úsáid as do shamhlaíocht!



Éist leis an téip anois agus breac síos cad atá cearr leis na daoine sna comhráite:

Melanie:

Séamas:

Clive:

Mary:

Scríobh cárta do chara leat atá san ospidéal. Déan comparáid leis an duine in aice leat nuair atá tú críochnaithe. Ná déan dearmad ar fhrásaí úsáideacha ar nós:

Go dtaga biseach ort...

Tá súil agam go bhfuil...

**Bileog 11.4**

Seo thíos alt a bhí ar bhlag mná ó Nua Eabhrac agus í ag déanamh cur síos ar na rúin atá aici don bhliain úr. Bí ag obair leis an duine in aice leat chun na bearnaí sa phíos a líonadh leis na focail sa bhosca.

d'éirigh	liom	bhruscar
beidh sé	aclaíochta	deacra
faoi mhaise	ba mhaith	

**Dé Máirt, 01 Eanáir 2008****An Bhliain Úr**

Bliain eile! 2008 chomh luath seo. Níl sé rófhada ó bhí mé ag smaoineamh ar mo rúin bliain ó shin... níos mó léitheoireachta, níos mó \_\_\_\_\_, níos mó bláthanna sa tigh, smacht a choimeád ar an méad ama a chaithim ag scuabadh na dtionta ar an ngréasán. \_\_\_\_\_ go maith liom ar an iomlán leo. Anois go bhfuil orm smaoineamh ar 2008, rún amháin atá agam ná níos mó stuif a chaitheamh amach sa \_\_\_\_\_ - bím i gcónaí ag iarraidh an spás atá agam a choimeád níos folmha, agus is fuath \_\_\_\_\_ nuair a bhíonn seilf nó seomra rólíonta. (\_\_\_\_\_ liom an rud céanna a dhéanamh le m'inchinn, an bruscar atá inti a chur ar leataobh agus gan fuinneamh a chur amú ar smaointe gan mórán céille, \_\_\_\_\_ seo i bhfad níos \_\_\_\_\_ ná an tigh a fholmhú mar is minic a bhím tógtha go mór le ceisteanna gan chiall). Tiocfaidh mé aníos le mo rúin go luath. Athbhliain \_\_\_\_\_ duit!

**01 Eanáir**

Inniu an chéad lá den bhliain úr agus tá pleananna móra agat féin le saol níos sláintiúla a bheith agat. Abair leis an duine in aice leat cad iad na pleananna.

Tá mé chun . . .


Caithfidh mé . . .

Tá sé i gceist agam . . .

**Bileog 11.5**

Cén cineál duine tú?

1. Pléigh brí na bhfocal leis an duine in aice leat.
2. Roghnaigh trí thréith ón chiorcal is fearr a chuireann síos ortsa!
3. Anois cuir an cheist – ‘Cén saghas duine tusa?’ ar an duine in aice leat.

**Hilary Clinton****Éamonn de Valera****Paris Hilton****Vladimir Putin****Michael Jackson****Madonna****George Bush****Nicolas Sarkozy**

1. Cuir aidiachtaí éagsúla a chuirfeadh síos ar na daoine thuas in aice lena n-ainmneacha. Ansin cuir na haidiachtaí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.
2. Anois labhair leis an duine in aice leat faoi na daoine thuas – bainigí úsáid as ceisteanna mar seo:

Cén saghas/cineál duine é George Bush?  
 Céard a cheapann tú faoi George Bush?

**Bileog 11.6**

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Ceanglaígí na cártaí eolais leis na daoine sna pictiúir. Mura bhfuil sibh cinnte tugaigí buille faoi thuairim!



Tréithe: cruachroíoch, géar, cliste

Rún amháin: níos mó cánach a ghearradh ar mhuintir a tíre.

Tréithe: éirimiúil, féinmhuinéach, ardaidhmeannach.

Rún amháin: athrú mór polaitíochta a chur i bhfeidhm ina thír mhór.

Tréithe: cliste, borb, greannmhar

Rún amháin: an Ghaeilge a chur chun cinn sa tír.

Tréithe: réchúiseach, géar, amaideach

Rún amháin: ceol ar son na tíre san Eoraip.

Tréithe: lách, ionraic, foighneach

Rún amháin: an Ghaeilge a fhoghlaim.

Éist le Ciara ag cúlchaint faoi dhaoine éagsúla ina rang. Cad a deir sí faoi na daoine seo?

Áine: \_\_\_\_\_

Seán: \_\_\_\_\_

Clíona: \_\_\_\_\_

Yvonne: \_\_\_\_\_

Aon fhocal nach raibh ar eolas agat?



Pléigh leis an duine in aice leat: Nuair a chloiseann tú focal nua ar an téip an mbíonn tú in ann an focal a litriú i gceart i gcónaí?

**Bileog 11.7**

Féach féin agus an duine in aice leat ar na mothúcháin seo a leanas - cad is brí leo? An bhfuil aon mhothúchán eile nach bhfuil sa liosta seo ar eolas agaibh?

áthas	brón	lúcháir fearg	eagla	náire
díomá	ionadh/iontas	éad	bród	amhras

Cad é an forainm réamhfhoclach a úsáidtear leis na mothúcháin thuas a chur in iúl? Abair amach é i ngach pearsa leis an duine in aice leat – seo noda: *orm, ort...*

Anois roghnaíí an focal ceart le cur sna bearnaí sna habairtí seo:

1. Bhí mé an-sásta \_\_\_\_\_ sin.
2. Tá eagla an domhain orm \_\_\_\_\_ an múinteoir nua.
3. Nuair a chuala mé cad a rinne sé bhí fearg orm \_\_\_\_\_.
4. Tá an-amhras orm \_\_\_\_\_ theacht na stoirme.
5. Bhí mé an-bhródúil \_\_\_\_\_ m'iníon nuair a bhí sí ag canadh.

Tabharfaidh an teagascóir clúdach litreach duit féin agus don duine in aice leat anois.

Déan cur síos don duine in aice leat ar 5 rud a bhfuil mothúcháin áirithe agat fúthu inniu. Mar shampla:

Rinne mé staidéar ar an nGaeilge sa bhaile an tseachtain seo agus tá an-áthas orm faoi sin.

Sa chlúdach tá pictiúir éagsúla a léiríonn eachtraí faoi leith. Leanaigí na treoracha thíos chun caint a dhéanamh faoi na pictiúir.

1. Roghnóidh duine A pictiúr agus cuirfidh sé/sí ceist ar an duine eile faoi na mothúcháin atá aige/aici bunaithe ar an pictiúr sin.
2. Caithfidh duine B freagra a thabhairt bunaithe ar an pictiúr céanna.
3. Ansin glacfaidh duine B pictiúr eile amach as an chlúdach agus cuirfidh sé/sí ceist ar dhuine A.
4. Leanfaidh sé ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil gach pictiúr sa chlúdach litreach pléite.

Mar shampla:

An bhfuil tú neirbhíseach faoin scrúdú tiomána?  
Níl, i ndáiríre. Bím ag cleachtadh gach lá!



**Bileog 11.8**  
Don mhúinteoir!

